
# AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

## Uirlisí tacaíochta an tionscnaimh eorpaigh ó na saoránaigh



**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Uirlisí tacaíochta an tionscnaimh eorpaigh ó na saoránaigh | 3 |
| Suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh | 4 |
| Cuntas d’Eagraithe Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh | 5 |
| Lárchóras Bailithe ar Líne an Choimisiúin Eorpaigh | 7 |
| Seirbhís malartaithe comhad | 9 |
| Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh | 10 |

# 1
# Uirlisí tacaíochta an tionscnaimh eorpaigh ó na saoránaigh

Tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tugtar deis do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh ceapadh beartas an Aontais a mhúnlú trí iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach (an Coimisiún) reachtaíocht a mholadh ar ábhar a bhfuil inniúlacht aige ina leith. Chun é sin a dhéanamh, ní mór d'eagraithe an tionscnaimh ráitis tacaíochta a bhailiú ó 1 mhilliún saoránach ar a laghad i seacht mBallstát den Aontas ar a laghad thar tréimhse 12 mhí, agus an íostairseach sroichte ag 7 mBallstát ar a laghad.

Breis agus aon mhilliún ráiteas tacaíochta a bhailiú ó shaoránaigh den Aontas Eorpach ar fud an Aontais laistigh de 12 mhí, b'fhéidir go mbraithfear deacair ar dtús é. Chun obair na n-eagraithe a éascú agus chun cuidiú leo a bheith rathúil, tá uirlisí tacaíochta ar leith curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún: Suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, Cuntas d'Eagraithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, an Lárchóras Bailithe ar Líne, agus Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh



# 2
# Suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

Ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh tá faisnéis ghonta phraiticiúil faoi cad atá i gceist leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Tugtar treoir do shaoránaigh ann freisin maidir le conas tionscnamh a chlárú. Is é an suíomh gréasáin an pointe iontrála chun cuntas d'eagraithe a chruthú, cuntas atá riachtanach do shaoránaigh **chun iarraidh ar an gCoimisiún a dtionscnamh a chlárú**.

Ar an leathanach baile poiblí, tá fáil **ar thionscnaimh leanúnacha agus ar thionscnaimh roimhe sin**. Liostaítear gach tionscnamh agus is féidir iad a chuardach (de réir eochairfhocal, réimse beartais/catagóir, nó stádas an tionscnaimh). Tá tuilleadh faisnéise ar an leathanach faoin staid ag a bhfuil na tionscnaimh sa phróiseas chun ráitis tacaíochta a bhailiú, tá sonraí teagmhála na n-eagraithe agus tá naisc chuig suíomhanna gréasáin na dtionscnamh faoi seach.

Is féidir dul trí phróiseas lena n-eagrófar tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh trí chuairt a thabhairt ar an Roinn céim ar chéim. Tá 6 chéim sa turas: (1) Tús a Chur Leis, (2) Do Thionscnamh a Chlárú, (3) Tacaíocht a Fháil, (4) Ráitis Tacaíochta a Fhíorú, (5) Tíolaic do Thionscnamh, agus (6) Freagra a Fháil.

Tá faisnéis freisin ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh maidir leis an gcreat rialála. Is féidir le saoránaigh forbhreathnú a fháil ar na rialacha agus ar an bhfaisnéis is infheidhme maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar na róil agus na freagrachtaí atá ar na Ballstáit i rith an phróisis.

Tugtar achoimre ar na forbairtí is déanaí i ndáil leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar Leathanach nuachta an tsuímh gréasáin. Tugann an Féilire rochtain duit ar imeachtaí atá ar na bacáin agus ar imeachtaí a bhí ann roimhe seo agus a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

## Ceisteanna coitianta

Féach rannóg na gCeisteanna Coitianta (FAQ) leis na freagraí ar thuairim agus 80 ceist a ardaíodh roimhe seo a fháil amach. Clúdaítear sna ceisteanna coitianta beagnach gach gné den Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (idir thús a chur leis, bhailiú sínithe agus tionscnamh a thíolacadh).

## Roinn 'Scaipn scéal'

Féach ar an ábhar cumarsáide a bhfuil fáil air i ngach teanga de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar féidir leis do thionscnamh a chur chun cinn trí mhíniú a thabhairt ar an méid atá i gceist leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Agus cuir aithne ar Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chuireann faisnéis faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar fáil do na saoránaigh.

# 3
# Cuntas d'Eagraithe Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

Pointe tosaigh chun tús a chur le tionscnamh atá i suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh freisin. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit dul chuig roinn 'Conas tionscnamh a thosú', chuig fo-roinn "Do thionscnamh a sheoladh" agus cliceáil ansin ar 'Cuntas d'eagraithe'. Más í seo an chéad uair duit tionscnamh a chlárú, beidh ort cuntas nua 'EU login' a chruthú le do sheoladh ríomhphoist (a bheidh le feiceáil ar an suíomh gréasáin seo a luaithe a chláraítear an tionscnamh) agus na réimsí éigeantacha a líonadh isteach.

Nuair a logálfaidh tú isteach, beidh rochtain agat ar an bhfoirm chlárúcháin le haghaidh do thionscnaimh. Chun tionscnamh a chlárú, ní mór d'eagraithe na cúig chéim seo a leanas a chur i gcrích ar an bhfoirm chlárúcháin:

1. an fhaisnéis riachtanach maidir le comhdhéanamh an ghrúpa d'eagraithe a chur ar fáil;
2. an fhaisnéis riachtanach maidir leis an tionscnamh atá siad ag iarraidh a chlárú (teanga, teideal, cuspóirí, forálacha ábhartha i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, faisnéis bhreise) a chur ar fáil;
3. aon tacaíocht nó aon mhaoiniú a chur in iúl, ar tacaíocht í nó maoiniú é atá ar fáil tráth na hiarrata clárúcháin;
4. glacadh leis na nósanna imeachta agus leis na coinníollacha agus;
5. an iarraidh ar chlárú a athbhreithniú agus a thíolacadh.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcéim sin, féach an nóta treorach maidir le Conas Tionscnamh a Dhréachtú agus a Thíolacadh.

## TÁBHACHTACH

Más rud é go bhfuil gach ceanglas comhlíonta ag do thionscnamh ach nach bhfuil sé i réimse a bhfuil cumhachtaí ag an gCoimisiún ina leith, gheobhaidh tú freagra laistigh de 1 mhí amháin. Ina dhiaidh sin beidh 2 mhí ar a mhéad agat chun an leagan nuashonraithe a sheoladh chuig an gCoimisiún (nó d'fhéadfá cinneadh a dhéanamh gan leanúint leis an tionscnamh).



A luaithe agus a chláraíonn an Coimisiún Eorpach do thionscnamh, beidh stádas 'cláraithe' aige sa Chuntas d'Eagraithe agus tiocfaidh níos mó roghanna aníos a bheidh ar fáil duit. Thar aon ní eile, sa chuntas beidh tú ábalta a fheiceáil cén staid ag a bhfuil an próiseas (bailiú sínithe, fíorú srl.) agus bainistiú praiticiúil a dhéanamh air.

Fágann an cuntas d'eagraithe gur féidir na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

- aon chiste breise a fhaigheann tú a thuairisciú;
- ball amháin nó níos mó ná ball amháin den ghrúpa d'eagraithe a athchur le ball eile;
- rochtain a fháil ar na sonraí ar fad a bhaineann le do thionscnamh chomh maith leis na réimsí gaolmhara arna n-aistriú ag an gCoimisiún i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh;
- teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach;
- sonraí teagmhála na n-eagraithe a athrú;
- staitisticí a fháil;
- leathanach bailithe do thionscnaimh sa Lárchóras Bailithe ar Líne a athrú;
- ríomhphoist a sheoladh chuig do chuid sínitheoirí ar fad.

!

## TÁBHACHTACH

Chomh maith leis sin, fágann an cuntas gur féidir foirmeacha a ghiniúint chun ráitis tacaíochta i bhfoirm páipéir a bhailiú i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh agus le haghaidh an uile Bhallstát.
Má chuir tú an dáta tosaithe le haghaidh bhailiú na sínithe in iúl cheana, taispeánfar go huathoibríoch é sna foirmeacha.

# 4
# Lárchóras Bailithe ar Líne an Choimisiúin Eorpaigh


Cuireann Lárchóras Bailithe ar Líne an Choimisiúin Eorpaigh (COCS) roinnt gnéithe ar fáil lena déantar bailiú na sínithe a shimpliú agus lena ligtear duit taifead a choinneáil ar dhul chun cinn d'fheachtais. Éascaíonn an lárchóras bailithe ar líne do shaoránaigh tacú le tionscnamh agus cuireann sé roinnt roghanna ar fáil d'eagraithe chun a bhfeachtas a bhainistiú. An bailiú agus an fíorú sonraí a dhéanann Údaráis Náisiúnta na mBallstát, déantar iad sin a shruthlíniú leis an uirlis.

Is féidir leat **na foirmeacha ráitis tacaíochta a roghnú** de réir teanga agus náisiúntacht shínitheoirí na mBallstát. Chomh maith leis sin, déanann an lárchóras bailithe ar líne **rangú ar ráitis tacaíochta**, i gcomhréir le riachtanais na mBallstát maidir le fíorú. Tugann an córas deis duit freisin **na ráitis tacaíochta a easpórtáil** mar chomhaid sonraí atá le seoladh go díreach chuig na húdaráis ábhartha lena bhfíorú. Sa lárchóras bailithe ar líne tá rogha ag na saoránaigh freisin tacú le tionscnaimh trí leas a bhaint as an ríomh-shainaitheantas atá acu (le haghaidh náisiúnaigh na mBallstát ina bhfuil ríomh-shainaitheantas a chomhlíonann rialachán eIDAS ar fáil).

Ó do chuntas d'eagraithe, **is féidir leat leathanach do thionscnaimh a chur in oiriúint ar an Lárchóras Bailithe Ar Líne** agus rochtain a fháil ar staitisticí maidir leis na ráitis tacaíochta a bhailítear de réir tíre. I do chuntas d'eagraithe is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do shínitheoirí ar chun na críche sin a chuir siad a gcuid seoltaí ríomhphoist ar fáil.

## Úsáid éigeantach

Ón 01 Eanáir 2023, is é an Lárchóras Bailithe ar Líne amháin a bheidh na heagraithe ábalta a úsáid.



## Cúiseanna leis an Lárchóras Bailithe ar Líne a úsáid

- Níl ach **beagán ullmhúcháin** le déanamh (réiteach lándéanta).
- **Saor** in aisce.
- **Ní gá deimhniú** a fháil (comhlíonann an córas caighdeáin theicniúla agus slándála cheana; leis an gcóras a úsáid, níl le déanamh ach comhaontú a shíniú leis an gCoimisiún).
- **Suiteáil ghasta** (leis an gcóras a úsáid, ní gá ach an Coimisiún a chur ar an eolas 10 lá oibre sula dtosaíonn tú ag bailiú ráitis tacaíochta, trí do chuntas d'eagraithe).
- I dtíortha áirithe, féadfaidh sínitheoirí ar do thionscnamh **ríomh-shainaitheantas** a úsáid don síniú.
- Tá an córas iomlán inrochtana do dhaoine atá **faoi mhíchumas**.
- Féadfaidh tú an córas a úsáid freisin chun **seoltaí ríomhphoist sínitheoirí** a bhailiú (le go bhféadfar cumarsáid a dhéanamh leo maidir leis an tionscnamh le linn an phróisis).
- Beidh an Lárchóras Bailithe Ar Líne **ag forbairt** agus ag cur gnéithe nua ar fáil i gcónaí.
- Is é an Coimisiún Eorpach lena **thimpeallacht óstála dhaingean arna tiomnú do láimhseáil na sonraí íogair** is óstach don Lárchóras Bailithe ar Líne. Cuirtear na paistí slándála is déanaí go léir i bhfeidhm ar gach comhpháirt de chuid na bhfeidhmchlár a luaithe agus is féidir.
- Déanann an Lárchóras Bailithe Ar Líne **criptiú ó cheann go ceann a áirithiú** ón uair a chuirtear na sonraí isteach san fheidhmchlár go dtí go ndéanann údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as ráitis a fhíorú iad a dhíchriptiú.
- An **teicneolaíocht** a úsáidtear sa Lárchóras Bailithe ar Líne le sonraí a chriptiú, tá sé bunaithe ar réiteach HSM/KMS nach foinse oscailte é agus nach bhféadfaí a chur ar fáil i gcás réiteach foinse oscailte.


Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chéim an bhailithe, féach an nóta treorach maidir le Conas Sínithe a Bhailiú.

# 5
# Seirbhís malartaithe comhad

Cuireann an tseirbhís malartaithe comhad tionscnaimh ar éirigh leo ar fáil agus tugann sí deis **na ráitis tacaíochta a bhailítear sa chóras sin a aistriú go díreach chuig na húdaráis náisiúnta** nuair a thugtar an bailiú i gcrích. Féadfar seo a dhéanamh le haon iarratas amháin ó údaráis an uile Bhallstát.

Fágann an tseirbhís gur féidir ráitis tacaíochta leictreonacha chomh maith le leaganacha i bhfoirm páipéir arna scanadh a mhalartú. Déanann an tseirbhís an teagmháil idir eagraithe agus na 27 mBallstát a shimpliú. Más mian leat an córas sin a úsáid chun na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil, is gá duit **sin a chur in iúl don Choimisiún laistigh de 2 mhí ó dheireadh na tréimhse bailiúcháin**.

Cuireann an Coimisiún Eorpach uirlis chriptiúcháin ar fáil d'eagraithe. Déanann an uirlis seo a áirithiú go ndéanfar lánchosaint ar phríobháideachas na sínitheoirí agus na ráitis tacaíochta á dtíolacadh acu. Is féidir le heagraithe na comhaid ábhartha a chriptiú roimh thabhairt faoin uaslódáil, ionas gur ag údaráis na mBallstát amháin a bheidh rochtain ar na sonraí.



# 6
# Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

Is ardán comhoibritheach ar líne é Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chuireann tacaíocht phraiticiúil ar fáil d'eagraithe trí aistear an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Cuireann an Fóram faisnéis, cabhair agus uirlisí comhoibritheacha ar fáil i gceithre roinn dhifriúla: 'Foghlaim', 'Pléigh', 'Ceangail' agus 'Faigh Comhairle'. Tá an Fóram ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

## Foghlaim

Cuireann an roinn 'Foghlaim' cineálacha difriúla faisnéise ar fáil d'eagraithe ionchasacha agus d'eagraithe reatha chun clárú agus chun cur chun feidhme na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a éascú i dtéarmaí:

- Conas sínithe a bhailiú
- Conas tionscnamh a dhréachtú agus a chur isteach
- Comhpháirtithe a chuardach
- Feachtas a eagrú
- Maoiniú a fháil

Cuirtear an t-ábhar foghlamtha ar fáil i bhfoirm nótaí treoracha, scéalta ratha, seimineáir ghréasáin agus físeáin.

Déanann **Nótaí treoracha** achoimre ar na gnéithe is tábhachtaí den topaic ar bhealach comair cuimsitheach. Cuirtear ar fáil iad mar chomhaid pdf, rud a fhágann gur furasta iad a scaipeadh laistigh de do líonra, agus tá siad le fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Cruthaíodh **scéalta ratha** i ndlúthchomhar le heagraithe na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh mbíonn rath orthu. Is féidir le saoránaigh foghlaim faoi straitéisí na n-eagraithe, na dúshláin, na ceachtanna a d'fhoghlaim siad agus na heispéiris a bhí acu agus na tionscnaimh á gcur chun feidhme acu. Tá scéalta ratha le fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais.

Tá na **seimineáir ghréasáin** oscailte don phobal agus is aoichainteoirí a bhfuil saineolas acu ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh



a bhíonn i mbun na seimineár gréasáin seo. Tá seimineáir ghréasáin an Fhóraim idirghníomhach agus tugann siad deis do rannpháirtithe ceisteanna a chur. Tá taifeadtaí agus cuir i láthair le fáil ar leathanaigh na seimineár gréasáin. Féach ar an leathanach 'Foghlaim' le bheith ar an eolas faoi sheimineáir ghréasáin a bheidh ann amach anseo. Is é an Béarla teanga oibre na seimineár gréasáin, agus tá na seimineáir ghréasáin saor in aisce.

Na **Físeáin** a uaslódáiltear, is físeáin iad a rinne iar-eagraithe faoi chásanna a tharla nó is físeáin mhínithe iad a chuireann tuilleadh faisnéise ar fáil faoi thopaic ar leith nó faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar bhealach níos ginearálta.

## Pléigh

Éascaíonn an roinn 'Pléigh' do mhalartuithe le saoránaigh eile faoi thopaicí a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. D'fhéadfadh na malartuithe sin a bheith ina dheis smaointe a thástáil le haghaidh saintionscnamh Eorpach ó na shaoránaigh. Is uirlis an-chuiditheach í an roinn 'Pléigh' chun níos mó a fhoghlaim faoi smaointe agus faoi thuairimí do chomhshaoránach maidir le do choincheap. Clúdaítear ceisteanna nós imeachta maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i roinnt de na pléití. Déanann modhnóirí an Fhóraim na pléití a sheiceáil go rialta agus féadfaidh siad aiseolas a chur ar fáil, nuair is iomchuí.

## Nascadh

Fágann an roinn 'Nascadh' gur féidir leat nasc díreach a dhéanamh le do chomhshaoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh – bunaithe ar bhur gcuid suimeanna agus bhur dtíortha cónaithe.

Cuimhnigh nach mór seachtar saoránach den Aontas Eorpach ar a laghad agus cónaí orthu i seacht mBallstát éagsúla a bheith agat chun tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Is sa roinn 'Ceangail' is féidir leat do chomhpháirtí a aimsiú!

## Comhairle a Iorg

Cuireann an roinn 'Comhairle a Iorg' comhairle shaincheaptha ar fáil maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus a ghnéithe dlí, feachtasaíochta, agus tiomsaithe airgid.

Is féidir leat fiosrúchán a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus gheobhaidh tú comhairle shaineolaíoch sa teanga ina ndearna tú an fiosrúchán laistigh de 8 lá ó lá a thíolactha.

